Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Aibreán 2025
(OR. en)

7779/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0044(COD)

CODEC 394
SIMPL 15
ANTICI 18
ECOFIN 397
EF 103
DRS 25
COMPET 231
FIN 380
COH 42

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. An 27 Feabhra 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 50 agus 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 26 Márta 2025[2].

[1] 6595/25.
[2] Níor foilsíodh fós san IO í.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 3 Aibreán 2025 tríd an togra ón gCoimisiún a thógáil ar láimh tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh air agus ar cheart, dá bhrí sin, é a bheith inghlactha ag an gComhairle[3] ós rud é go gcomhfhreagraíonn an seasamh sin don sainordú a thug Coiste na mBuanionadaithe[4] don Uachtaránacht an 26 Márta 2025, d'fhonn teacht ar chomhaontú le Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh maidir leis an togra.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 6/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- maolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 7552/25.
[4] 7275/25.